

Tidy Towns Competition 2015

Adjudication Report

Centre: **An Spideal** Ref: **220**
County: **Galway** Mark: **288**
Category: **B** Date(s): **18/06/2015**

	Maximum Mark	Mark Awarded 2014	Mark Awarded 2015
Community Involvement & Planning	60	43	43
Built Environment and Streetscape	50	40	40
Landscaping and Open Spaces	50	40	40
Wildlife, Habitats and Natural Amenities	50	29	30
Sustainable Waste and Resource Management	50	8	9
Tidiness and Litter Control	90	58	59
Residential Streets & Housing Areas	50	29	30
Approach Roads, Streets & Lanes	50	37	37
TOTAL MARK	450	284	288

Community Involvement & Planning / Rannpháirtíocht an Phobail & Pleanáil:

Fearann an moltóir an-fháilte roimh an Spidéal chuig comórtas na bliana seo 2015. Is breá linn go bhfuil sibh ag glacadh páirt. Áit í seo agaibhse gur deas cuairt a thabhairt uirthí, go háirithe le linn an t-samraidh nuair a bhíonn an dúlra faoi bhláth. Do'n gcuid is mó leanann an Spidéal an bealach soir-siar atá ar an príomh-bhóthar agus bhí an léarscáil a sheol sibh isteach chughainn an-usáideach agus muid ag baint amach na suíomhanna éagsúla. Gura maith agaibh as an chabhair sin a thug sibh le teacht oraibh.

Feicim go bhfuil an Spidéal luaite mar shráidbhaile (le daonra thart ar 300 duine) agus go bhfuil sibh de'n tuairim gur tairbhe an comórtas le slacht a chur ar an gcomharsanacht. Chomh maith leis sin, deir sibh go gcothaíonn an comórtas obair dheónach, rud a théann le tairbhe na h-áite. Tá an ceart agaibh measaim.

Built Environment and Streetscape / An Timpeallacht Thógtha agus Sráid-dreacha:

I lár an bhaile tá rogha maith óstlanna ag freastal ar an bpobal. Is deas an cuma atá ar a bhfurmhór agus oireann siad do chuairteoirí. Mheasamar gur thoil An Crúiscín Lán, Tigh Giblin, An Droighneán Donn, An Nead agus Supermac's moladh as an gcaoi néata a bhí orthu. 'Sé an trua go bhfuil siopa Mhic Phroinsias fós dúnta mar is álainn an aghaidh sráide atá air. Bhí cuma glan ar stáisiún na nGárdaí, mar a bhí freisin ar bhanc AIB, ar an leabharlann agus ar Thigh Hughes. B'fhiú an fógra cois bóthair ag an chógaslann a ghlanadh, agus arís na fógraí ag an Údaras agus Ros na Rún. Mholamar an crot néata a bhí ar Texaco agus ar Costcutter. Ag ciumhais an bhaile chonaic muid siopa Standún, áit breá gnóthach.

Landscaping and Open Spaces / Tírdhreachú agus Spásanna Oscailte:

Is féidir a fheiscint ó'n chur síos san fhoirm iarratais go mbíonn fadhbanna agaibh tar éis na stoirmeacha geimhridh. Cuireann gálaí gaoithe as go mór do chrainn agus fiú do phlandaí beaga. Tá sibh le moladh as an obair sin go léir atá déanta agaibh maidir leis na plandaí eagsúla.

Ní bheadh muid ag súil le mórán de'n tírdhreachú fhoirmeálta ar chósta an Atlantagih. Tá sibh sách stuama maidir leis an ghnó seo. Baineann sibh leas as na gáirdíní timpeall ar an tithe príomháideacha chomh fada agus a bhaineann sé le roghnú plandaí. Amuigh insna suíomhanna poiblí tá cóir mhaith ar phlandaí. Molaim sibh as an aire a thugann sibh do na cúramaí seo.

Bhí an tSean Chéibh go breá néata nuair a leag muid súil air, agus mholamar an leagan amach ar an áit timpeall air fresin.

Wildlife, Habitats and Natural Amenities / Fiadhúlra, Gnáthóga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha:

Is mó saibhreas nádúrtha atá agaibh ar leic an dorais agust tá sé le tuiscint go bhfuil an-chur amach agaibh ar

chursaí fhiadhúlra. Chonaic muid réimse leathan bláthanna ar ár gcuairt agus d'aithníomar alán de'na héinlaithe a bhí ag cantain go ceolmhar ós ár gcionn. Chonaic muid broigheall ar charraig, i n-aice na trá, agus é á thirimíú féin. B'fhiú dhibh díriú níos doimhne ar an ábhar áirithe seo agus tá neart comhairle le fáil ó dhreamana ar nós Cháirde Eanlaithe Éireann agus An Comhairle Oidhreachta. Go néirí go geal libh sa bhfiontar sin. Agus an moltóir seo at ithe a chuid lóin bhí iliomad éinlaithe le feiscint agus le clos - na fáinleoga ag eitilt go h-íseal, na gealbháin tí ag glaoch ó'na tithe taobh linn agus an fhuseog ag cantain sa spéir ó's ár gcionn.

Sustainable Waste and Resource Management / Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe:

Mholamar an áis glactha dramh-ola ag an chalafort. Bhí an láthair bailiú brúscair néata glan, laismuigh de roinnt gloine briste. Tá sibh molta againn maidir leis an slacht atá curtha agaibh ar an gcomharsanacht atá timpeall oraibh. Is é atá is gceist sa chatagóir seo ná céim eile a shroisint agus é sin a bhaint amach trí sheachaint brúscair a ghinniúint ar an gcéad dul síos. Leis an sprioc sin a aimsiú moltar seifteanna cosúil le laghdú ar úsáid páipéir i bpacáistí. B'fhiú freisin smaoinreamh níos doimhne ar bhealaí cosúil leis na múiríní. Tá comhairle le fáil ar an ábhar seo ó'n gComhairle Contae.

Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:

Tá sé go rí-dheas a fheiscint mar atá feabhas ag teacht ar bhur dtimpeallacht bliain in ndiaidh bliana. Feicim gur baineadh anuas pollaí telecom nach raibh aon ghá leo anois. Feabhsaíonn sé sin an radharc a gheibheann daoine ar an áit. Is iontach an rud é freisin go bhfuil an oiread sin de mhuintir na háite ag glacadh páirt san tionscnaimh éagsúla.

Ar lá na cuairte againne bhí an-chuma ar an séipéal agus ar an grotto len's ais. Nach aoibhinn go deo an suíomh atá ag áit súgartha na scoláirí ag Meán Scoil Choláiste Chroí Mhuire. Thugamar suntas do'n dea-chaoi a bhí ar Tí Lal agus ar Thearman Éinde, maisithe le plandaí. Bhí cuma glan néata ar an charr-chlós ag an cheardlann agus bhí dath úr ar na foirgnimh ann.

Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:

Tá tithe bréatha ar fud an Spidéil. Tá riocht rí-dheas an An Móinéar agus ar thithe eile gar dó. Cheapamar go raibh dealramh breá ar eastát Radharc na Rún, mar a raibh na tithe le h-aghaidheanna chloice mar a bheadh macalla ó fhallaí cloiche an cheantair máguaird. Mholamar An Tulán Cleasach as an ceansú trachta atá curtha i bhfeidhm, cé go raibh fiaile ag fás le h-ais an bhóthair ann.

Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:

Ar lá ár gcuairte bhí na bóithre cóirithe go néata agus na cúilí treo glan, tríd is tríd. D'fhéadfaimís an moladh céanna a thabhairt do na fo-bhóithre agus na cosáin, chomh maith leis an mbealach síos chun an farraige. Cuireann an síor-bhrú trachta teannas áirithe faoin phríomh-bhóthar agus tá sibh ag plé go maith leis. Tá ard-mholadh ag dul do'n ionad picnice, agus is álainn an radharc atá le fáil ann, ag breathnú trasna ar Chontae an Chláir.

Concluding Remarks:

Beidh toradh ar an obair atá déanta agaibh. Cuirfidh sé le timpeallacht na háite i gcoitinne, agus bainfidh daoine sásamh as an áileacht atá thart orthu. Molaim sibh as an méid atá déanta agaibh leis an aos óg a thabhairt isteach san obair.